NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10834 — AGROFERT / BOREALIS NITRO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 57/08)

1. An 6 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AGROFERT, a.s. ("AGROFERT", an tSeicia), faoi úinéireacht dhá iontaobhas phríobháideacha a ionchorpraíodh de bhun dhlí na Seice,

— Borealis Nitro, atá faoi rialú OMV Aktiengesellschaft ("OMV", an Ostair) faoi láthair; ina bhfuil Borealis Chimie S.A.S (an Fhrainc); Borealis Produits et Engrais Chimiques du Rhin S.A.S. (PEC Rhin, an Fhrainc), Borealis L.A.T France S.A.S. (an Fhrainc), Borealis Agrolinz Melamine Deutschland GmbH (an Ghearmáin), Borealis Agrolinz Melamine GmbH (an Ostair), Borealis L.A.T GmbH (an Ostair), Feboran EOOD (an Bhulgáir), agus Borealis L.A.T Italia s.r.l. (an Iodáil).

Gheobhaidh AGROFERT urlámhas aonair ar an Borealis Nitro ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna a fógraíodh an 2 Meitheamh 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá AGROFERT gníomhach i dtionscail na talmhaíochta, an bhia agus na gceimiceán, i measc tionscail eile. Cuimsíonn roinn na gceimiceán dá chuid táirgeadh leasachán agus táirgí nítrigine teicniúla,

— Is é Borealis Nitro an t-aonad gnó leasacháin, nítrigin theicniúil agus mealaimín de chuid Borealis Group. Soláthraíonn Borealis Nitro cineálacha éagsúla leasacháin nítrigine, d'fheirmeoirí go díreach agus do mhórdhíoltóirí nó do mhiondíoltóirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10834 — AGROFERT / BOREALIS NITRO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË